Eanáir 2015

Scéalta Shliabh Rua

Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir. Tá súil againn go raibh saoire álainn agaibh agus go bhfuil na páistí socraithe isteach ar ais ar scoil.

Happy New Year to you all. We hope you all had a great Christmas and that the children have settled back into school.

Beidh breithlá ag Joe ar an 26ú. Breithlá Sona Duit!! Bhí breithlá ag Charlie ar an 4ú. Breithlá sona duit!!

Caomhnú Leanaí

Ba mhaith linn a chur in iúl daoibh go bhfuil an scoil ag leanúint na treoirlínte atá leagtha síos ón Roinn Oideachas & Scileanna agus na treoirlínte, 'Tús Áite do Leanaí' inár bPolasaí Caomhnú Leanaí. De réir na treoirlínte seo, caithfidh Duine Idirchaidremah Ainmnithe (DIA) a bheith I ngach scoil. Is é Conchúr Ó Raghallaigh an DIA i nGaelscoil Shliabh Rua. Nuair a bheidh an dara mhúinteoir againn, glacfaidh sé/sí ról an leas Duine Idirchaidreamh Ainmnithe (LDIA). An ról a bhíonn ag an DIA ná a bheith mar teagmhálaí leis an Ghníomhaireacht um Theaghlaigh agus Leanaí i gcásanna a bhaineann le Caomhnú Leanaí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag http://www.tusla.ie/ nó ag http://www.dcya.gov.ie/documents/Publications/ChildrenFirst.pdf

We would like to make you aware that the school follows the child protection guidelines from the Department of Education & Skills and the Children First guidelines in relation to our Child Protection Policy. As per the guidelines, all schools must have a Designated Liaision Person (DLP). In our school, Conchúr Ó Raghallaigh is the DLP.. When we have our 2nd teacher, he/she will take on the role of Deputy Designated Liaiason Person (DDLP). The role of the DLP is to act as a contact between the school and the Child & Family Agency (CFA) with regard to issues of Child Protection. More information can be found at http://www.tusla.ie/ or at http://www.dcya.gov.ie/documents/Publications/ChildrenFirst.pdf.

Suíomh Gréasáin

Táimid ag obair ar shuíomh gréasáin nua don scoil. Tá sé i gceist againn go mbeidh sé beo roimh dheireadh Mí Eanáir. Ar an suíomh beidh tú ábalta billí a íoc, eolas a fháil faoin scoil, polasaithe a fháil agus coimeád suas chun dáta ar ghníomhaíochtaí na scoile.

We are currently working on a new website for the school. We aim to have the website up & running by the end of January. On the website, you will be able to pay school bills, gather information about the school, download school policies and keep up to date on school activities.

Asláithreachas

Má bhíonn do pháiste as láthair caithfear **nóta a scríobh** chuig an múinteoir ranga ag míniú cén fáth.

*If your child is absent, a note should be sent in to the school **in writing** on his/her return explaining the absence.*